UCD School of History
Scoil na Staire UCD

# SCOIL NA STAIRE UCD

An príomhionad le haghaidh taighde staire in Éirinn




**BÍ AG PLÉ LINN**

www.myucd.ie/history
Twitter: @UCDHistory
www.facebook.com/UCDHistory
+353 (0)1 716 8375
history@ucd.ie
@ucdschoolofhistory2






# Cén fáth go ndéanfá staidéar ar an Stair?

**Má dhéanann tú staidéar ar an Stair in UCD, gheobhaidh tú na scileanna riachtanacha chun an domhan ina mairimid a thuiscint i gceart. Cabhraíonn an Stair linn tuiscint a fháil ar an gcaoi ar cruthaíodh ár ndomhan agus ar an gcaoi a bhfeidhmíonn daoine agus sochaithe. I Scoil na Staire UCD, is féidir leat castacht an am a chuaigh thart a fhiosrú. Scrúdaítear réimse leathan réanna agus ábhar, lena gcuimsítear go leor áiteanna ar domhan agus foghlaimítear conas breithmheas a thabhairt ar fhianaise, conas critic a dhéanamh ar an méid a bhíonn á mhaíomh agus conas argóintí a chur i dtoll a chéile – scileanna a bhíonn á lorg ag fostóirí sa lá atá inniu ann.**

## FÁILTE

Fáilte chuig Scoil na Staire UCD, an scoil staire is mó in Éirinn agus ceann de na 100 scoil staire is fearr ar domhan. Anseo, is féidir staidéar a dhéanamh ar stair go leor áiteanna ar fud an domhain, stair na hÉireann, stair na hÁise agus stair na hAfraice ina measc, ó mheath Impireacht na Róimhe suas go dtí deireadh an fhichiú haois. Fiosraíonn ár mic léinn athruithe móra thar réimse leathan téamaí - polaitíocht, sochaí, inscne, tuairimí, cultúr, leigheas, timpeallacht, reiligiún, spórt, agus cogadh. Foghlaimaítear agus scríobhtar faoi dhaoine - faoi na saolta inár mhair siad, conas a stiúir siad a saolta, conas a bunaíodh a bhféiniúlacht, agus conas a chuir siad athruithe i bhfeidhm.

Is scoláirí idirnáisiúnta a bhfuil duaiseanna buaite acu agus cumarsáidithe den chéad scoth iad ár léachtóirí. Agus stair á staidéar agat i measc ár saineolaithe, bíonn deis agat plé a dhéanamh ar a gcuid smaointí agus taighde i léachtaí, i seimineáir agus ar bhonn duine le duine. Níl sé mar aidhm againn díreach scéalta faoin am a chuaigh thart a insint duit. Ina ionad sin, ba mhaith linn a mhíniú duit conas do cheisteanna féin a chumadh agus conas d'fhreagraí féin a fhorbairt, bunaithe ar an anailís a bheidh déanta agat ar raon fianaise. Sa lá atá inniu ann, tá sé ríthábhachtach faisnéis, a foinsí agus a fírinneacht go léir a mheas chun cuidiú leat a bheith i do shaoránach gníomhach agus chun dul i mbun réimse gairmeacha. Cibé bealach a roghnaíonn tú, tugann an staidéar a dhéanann tú ar stair anseo in UCD na scileanna tábhachtacha sin duit.

Anseo sa Scoil, táimid iontach bródúil as an gcohórt alumnas mór le rá atá againn, a chuaigh i mbun gairmeacha éagsúla in Éirinn agus go hidirnáisiúnta araon.

Má tá aon cheist agat, ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh linn ag history@ucd.ie ag am ar bith – bheimis lán-sásta aon cheist maidir lenár gcláir chéime a fhreagairt.

**An tOllamh Catherine Cox**
*Ceann na Scoile*





## EOIN SHEEHAN
*Dalta*

*"Bhain mé an-sult as staidéar a dhéanamh ar an Stair agus bhí sé thar a bheith suimiúil ó thaobh na hintleachta de. Is iad na modúil ar an gcúrsa iad féin is cúis leis sin, cuimsítear leo réimse leathan ábhar staire agus ábhar spéise, chomh maith leis na ranganna beaga a chinntíonn go mbíonn an-chuid rannpháirtíocht pearsanta sna léachtaí agus sna seimineáir. Bíonn cur chuige teagmhálach ag na léachtóirí agus na teagascóirí, rud a chinntíonn go mbíonn an taithí foghlama is fearr ag mic léinn. Is scileanna inaistrithe luachmhara iad na scileanna a fhoghlaimítear le linn an chúrsa maidir le taighde, anailís chriticiúil agus conas tuairimí a chruthú agus chabhródh siad go léir le mac léinn agus é/í ag tabhairt faoi ghairmeacha éagsúla féideartha."*



## SOPHIE O'LEARY
*Dalta*


*"Tá staidéar a dhéanamh ar an Stair agus ar an bPolaitíocht in UCD ar cheann de na deiseanna is fearr a bhí agam riamh. Is meascán iontach iad, rud a dhéanann na modúil níos spéisiúla arís. Bíonn cothromaíocht mhaith i bhfeidhm ionas nach mbíonn tú ag díriú ar aon ábhar amháin! Is é an rud is mó a thaitin liom faoin gcúrsa seo go dtí seo ná páirt a ghlacadh i dtoghcháin bhréige, rud a lig dúinn tabhairt faoin bhfoghlaim chinéiteach agus foghlaim faoin gcaoi a n-oibríonn an pholaitíocht san fhíor-shaol. Bhain mé taitneamh agus tairbhe as, ach ní hamháin sin, chuir sé go mór leis an bpaisean a bhí ag fás ionam chun dul i mbun gairme sa pholaitíocht nó sa chaidreamh idirnáisiúnta."*



## REBECCA BERMINGHAM MCGUIRE
*Dalta*

*"Thug staidéar ar an Stair deis dom foghlaim faoi shochaithe, cultúir agus polaitíocht uathúla go leor tíortha éagsúla i gcomhthéacsanna níos leithne agus níos sainiúla. Is ábhar é a chuireann go mór le do scileanna smaointeoireachta criticiúla agus d'fhéadfadh sé tionchar a imirt ar gach ghné de do shaol. Baineann tionscadail shuimiúla agus spéisiúla leis na príomhmhodúil lena ndéantar scrúdú níos doimhne arís ar ábhair a bhíonn i mbéal an phobail agus leas á bhaint as na mílte acmhainní atá ar fáil agus i mo thaithí féin bíonn na léachtóirí, na teagascóirí agus foireann Scoil na Staire go léir iontach eolach, cabhrach agus tuisceanach."*

→ Chun teacht ar eolas maidir le bealaí éagsúla chun rochtain a fháil ar an gcúrsa, lena n-áirítear Bealach Rochtana ar Ardoideachas (HEAR), Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas (DARE), QQI-FET, Mic Léinn Lánfhásta, Rochtain ar an Ollscoil, Foghlaim Oscailte agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil, cliceáil anseo, le do thoil.









# Cad a bheidh á fhoghlaim agam?

**Anseo in UCD, cuirimid curaclam staire spreagúil agus éagsúil ina bhfuil raon leathan roghanna nach féidir a shárú ar fáil do mhic léinn. Míníonn staraithe móra ár modúil ar bhealaí nuálacha i gcláir trí bliana agus ceithre bliana araon.**

## AN CHÉAD BHLIAIN

Sa Chéad Bhliain, tabharfaidh tú faoi 'Stair a Chruthú' ina ndéanfaidh tú staidéar i ngrúpa beag le staraí chun cur leis na scileanna smaointeoireachta criticiúla agus na scileanna taighde atá riachtanach don ábhar. Bíonn an méid sin, mar aon le modúil roghnacha eile sa chéad bhliain a dhíríonn ar shuirbhéanna stairiúla leathana, mar réamhrá ar léann na staire:

> Stair a Chruthú
> Ón Róimh go dtí an Renaissance
> Na Stáit Aontaithe, 1776-1991
> an Eoraip sa Nua-aois, 1500–2000
> Céadta Sasanacha na hÉireann
> Radacaithe & Réabhlóidithe
> Éire na Nua-Aoise a Dhéanamh, 1800-2000

## AN DARA BLIAIN

Cuirfidh tú tús le speisialtóireacht a dhéanamh ar na réimsí staire is mó a bhfuil suim agat iontu. Roghnaigh modúil ó na modúil seo a leanas:

> Stair an Lae Inniu
> Na hÉireannaigh i mbun Cogaidh, 1914-1998
> Ioslam & an Chríostaíocht
> Gearmáin na Naitsithe
> Tuaisceart na Éireann, 1920-2010
> Réabhlóid na Fraince
> Spórt agus an Saol Nua-Aimseartha
> Státaireacht & Straitéis
> Na Ceiltigh, na Rómhánaigh & na Lochlannaigh
> An Áise Dhomhanda
> Cine, Aicme, agus Féiniúlacht i Stair Chomhaimseartha an Domhain
> Ó na Mianaigh Óir go Trump
> Pobal agus Áit in Éirinn, 1500-1800
> Imircigh agus an Imirce nua-aimseartha
> Stair Chomhshaoil Dhomhanda

## AN TRÍÚ BLIAIN

Bíonn an tríú bliain tiomanta do theagasc i ranganna beaga agus do mhionstaidéar ar na roghanna is fearr a oireann do do chuid spéise. I measc na modúil roghnacha tá:

> Vítneam
> Réabhlóid na hÉireann
> An Cogadh Mór: Cultúr agus Toradh
> Cogadh na Breataine i dTuaisceart na hÉireann
> Bóithre go Neamh agus go hIfreann
> An Rúis Réabhlóideach, 1905-1921
> Alcól, Drugaí & Sochaí
> Flórans 1200-1400
> Reiligiún & Sochaí in Éirinn
> An Fhírinne a Chumadh
> An Sean-Ghearmáin
> Na Daonnachtaí Digiteacha
> Téamaí i Stair Chomhaimseartha na Breataine
> Ceisteanna sa Stair
> An Ghearmáin Weimar
> Éirí Amach 1641
> Na Stáit Aontaithe agus an Domhan
> Seapáin sa Nua-Aois
> Buile agus Sibhialtacht
> Stair Atlantach na Breataine
> Polasaí Eachtrach na hÉireann, 1919-73
> Cinedhíothú & Ollfhoréigean sa 20ú haois
> Éire a Chur Faoi Smacht, 1579-1691
> Casann na Stáit Aontaithe ar an Áise, 1890idí-1950idí
> Déabhlóid, Tiarnas, Daonlathas
> Piollaí, Othair & Polasaithe
> 1942: An Domhan i mbun Cogaidh
> Foréigean Polaitiúil in Éirinn
> Stair an Domhain roimh AD 1000
> Eolaíocht agus an Comhshaol
> Saol na Tuaithe sa Mheánaois
> Stair Aiteach i gCleachtas
> An Leigheas agus an tSochaí san India Briotanach, 1750-1900
> An Caipitleachas, An Aeráid & An Coilíneachas
> An Ghnéasacht agus an tSochaí sa tSeandacht Dhéanach
> Éire agus an Domhan Rómhánach
> Fréamhacha an Chéid Chogaidh Dhomhanda
> Cruthú na Tuaithe Nua-Aimseartha sa Mheánoirthear 1800-1920
> Reiligiún, Cumhacht, agus Claochlú na hEorpa sa Mheánaois, c.1049-c.1123
> Cogaí Cathartha sa Stair Dhomhanda

Is féidir le mic léinn a bhfuil cláir ceithre bliana idir láimhe acu intéirneacht a dhéanamh nó staidéar a dhéanamh thar lear i gceann dár n-ollscoileanna comhpháirtíochta.

## AN CEATHRÚ BLIAIN

Má tá staidéar á dhéanamh agat ar an Stair mar chuid de cheann dár gcláir ceithre bliana, tabharfaidh tú faoi thráchtas taighde agus beidh duine dár staraithe mar stiúrthóir duit. Is féidir leat roghnú ó raon leathan modúl.

*Cliceáil anseo chun an réimse modúl atá ar fáil i Scoil na Staire a fheiceáil, chomh maith le cur síos gairid ar a bhfuil iontu.*



# Bealaí le staidéar a dhéanamh ar an stair

**CLÁR TRÍ BLIANA:**
**BA/Cód CAO: DN 520**

Leagann ár gcéim sheanbhunaithe 3 bliana bunchloch iontach le haghaidh tuilleadh staidéir agus deiseanna gairme. Mar chuid de chomhchéim onórach, is féidir leat staidéar a dhéanamh ar an Stair in éineacht leis na hábhair seo a leanas:

- Seandálaíocht
- Stair na hEalaíne
- Sibhialtacht na gCeilteach
- Léann na Drámaíochta
- Béarla
- Staidéar Scannán
- Fraincis
- Tíreolaíocht
- Gearmáinis
- Sibhialtacht na Gréige agus na Róimhe
- Gaeilge
- Béaloideas na hÉireann
- An Léann Éireannach
- Iodáilis
- Laidin
- Teangeolaíocht
- An Mhatamaitic
- Fealsúnacht
- Socheolaíocht
- Spáinnis

**Déan speisialtóireacht:** Téigh i mbun staidéir ar feadh bliain amháin eile agus cuir MA le do BA. Is féidir leat speisialtóireacht a dhéanamh ar d'ábhar nó is féidir leat athrú go disciplín eile i gceann dár scoileanna sár-chéimiúla. Féach ar: www.ucd.ie/graduatestudies.

**CLÁR CEITHRE BLIANA:**
**BA Daonnachtaí/Cód CAO: DN 530**

Cruthaíonn an Clár BA sna Daonnachtaí deiseanna do mhic léinn staidéar a dhéanamh ar an Stair in éineacht le hábhair éagsúla eile. Tugann na cláir fhada deis do mhic léinn dul thar lear, intéirneachtraí a ghlacadh agus tráchtais a dhéanamh sa réimse staire is mó a thaitníonn leo.

Mar chuid den chlár seo, is féidir staidéar a dhéanamh ar an Stair ar trí bhealaí:

1. Na Clasaicí, Béarla agus Stair
2. Stair
3. Stair agus Polaitíocht
4. Léann na hEorpa
5. An Léann Domhanda
6. An Léann Éireannach

**CLÁR CEITHRE BLIANA:**
**Dlí agus Stair/Cód CAO: DN 600**

Tá an-tóir ar Dhlí a nascadh le Stair agus éiríonn go maith leis an gcúrsa sin an dá disciplín a chur le chéile. Múnlaíonn ábhar amháin an t-ábhar eile agus bíonn eachtraí tábhachtacha stairiúla nasctha le struchtúir dhlíthiúla na linne seo agus ba mhinic a mhúnlaigh eachtaí sonracha san am a chuaigh thart athchóiriú dlí. Is féidir le mic léinn rogha a dhéanamh ó raon leathan de mhodúil Dlí agus Staire thar a gceithre bliana.

**CLÁR CEITHRE BLIANA:**
**Eolaíochtaí Sóisialta BSc/Cód CAO: DN 700**

Is féidir staidéar a dhéanamh ar an Stair ar dhá chonair éagsúla mar chuid den chlár seo, mar Phríomhábhar le hEacnamaíocht nó mar Mhionábhar leis an Tíreolaíocht.

Tugann an Clár BSc deis do mhic léinn taisteal thar lear, intéirneachtaí a ghlacadh agus tráchtais a dhéanamh ina réimse speisialtóireachta..

# Ár Mic Léinn

### DEISEANNA GAIRME

Téann céimithe Staire i mbun fostaíochta i réimsí éagsúla, lena n-áirítear:

- Craoltóireacht agus Iriseoireacht
- Gnó
- Státseirbhís
- Dlí
- Foilsitheoireacht
- Caidreamh Poiblí
- Polaitíocht
- Taighde
- Teagasc
- Margaíocht
- Ceapadh Polasaí
- Turasóireacht
- Oidhreacht

### DEISEANNA DO CHÉIMITHE

Lean ort le staidéar a dhéanamh ar an Stair ag leibhéal iarchéime nó dochtúireachta, nó bain úsáid as do chéim sa Stair chun dul i mbun réimsí staidéir eile le cúrsaí iarchéime mór le rá sa dlí, sa tráchtáil, sa teicneolaíocht faisnéise, san obair shóisialta agus san iriseoireacht.

Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin a bhfuil an-tóir air chun podchraoltaí lenár staraithe ar stair na hÉireann agus stair idirnáisiúnta a chloisteáil.
www.historyhub.ie



## NIAMH O'KEEFFE

*(Feidhmeannach Sinsearach Brústóireachta agus Feachtas, IBEC)*

BA sa Stair agus sa Bhéarla, 2008

***"Bhain mé céim amach sa Stair agus sa Bhéarla in 2008. Tá an staidéar a rinne mé ar an Stair tar éis a bheith thar a bheith luachmhar ó thaobh mo ghairme de. Le linn mo ghairme bhí orm obair a dhéanamh ar pholasaí, gnóthaí poiblí, cumarsáid corparáideacha agus oibrím anois in IBEC, comhlacht um ionadaí gnó in Éirinn. Bhí sé sárluachmhar na bunscileanna maidir le taighde a dhéanamh, a bheith in ann oibriú i gcomhar le daoine eile agus a bheith in ann anailís chriticiúil a dhéanamh ar fhaisnéis a bheith agam. Is iad sin na príomhscileanna a fhoghlaimíonn tú má dhéanann tú céim sa stair."***

## CIARA LYNCH

*(Príomhoifigeach Oibriúcháin, The Brilliant Club)*

BA sa Stair, 2009

***"Bhain mé céim amach in 2009. Le linn mo chéim sa Stair in UCD, d'fhoghlaim mé scileanna smaointeoireachta criticiúla agus conas anailís a dhéanamh ar thaobhanna éagsúla d'argóint. D'fhoghlaim mé conas fadhbanna a réiteach agus conas smaoineamh ar an láthair. Chabhraigh na scileanna sin go mór liom dul chun cinn a dhéanamh i mo ghairm agus bhí mé in ann iad a aistriú ón ngairm tosaigh a bhí agam in earnáil an airgeadais go dtí obair i gcarthanacht oideachais."***

## EVAN O'QUIGLEY

*(Bainisteoir Cumarsáide Corparáideach, Mercury Engineering)*

BA sa Stair agus sa Socheolaíocht, 2013

***"Rinne mé staidéar ar an Stair in UCD mar chuid den dá mhórábhar i mo chéim Bhaitsiléara agus ansin rinne mé Máistreacht sa Stair. Mar gheall ar an staidéar a rinne mé ar an Stair in UCD, tá na príomhscileanna a bhíonn á n-úsáid agam gach lá amhail scríbhneoireacht, argóint a chumadh, taighde a dhéanamh, coincheapa casta a thuiscint agus a chur in iúl go léir agam."***

## LAURA ADDIE

*(Taighdeoir Teilifíse, RTÉ/Virgin Media)*

BA sa Bhéarla agus sa Stair, 2018

***"Bhain mé céim sa Stair amach in 2018. Le cúpla bliain anuas tá mé ag obair mar thaighdeoir le haghaidh teilifís beo ar shraitheanna éagsúla le RTÉ agus Virgin Media Television. Bím ag brath ar na scileanna a d'fhoghlaim mé le linn mo chéim sa Stair. Rachaidh na scileanna taighde chun sochair duit. Má dhéanann tú staidéar ar an Stair, tabharfar go leor deiseanna duit."***

## SHANE SWEENEY

*(Oifigeach Riaracháin, an Roinn Sláinte)*

BA sa Stair, sa Pholaitíocht agus sa Chaidreamh Idirnáisiúnta, 2019

***"Bhain mé céim amach in 2019. Oibrím sa Roinn Sláinte agus sílim gur chabhraigh an chéim a bhain mé amach sa stair go mór leis an anailís chriticiúil agus a bheith in ann féachaint ar go leor eolais agus an méid is tábhachtaí a phiocadh amach. Tá i bhfad níos mó eolais os ár gcomhair lá i ndiaidh lae ná a bhí ag glúin ar bith eile agus measaim go dtugann céim sa stair na scileanna sin chun an t-eolas is tábhachtaí a aithint."***